2017. S54BT

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2017***

# *Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)*

## *Ardleibhéal*

## *Roinn B* *(60 marc)*

*Dé Luain, 19 Meitheamh*
*Tráthnóna, 2:00 - 4:00*

### *Treoracha*

***(a)*** *Freagair **trí** cheist. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

***(b)*** *Is féidir leat ceist 5A **nó** ceist 5B a fhreagairt ach **ná freagair an dá cheann**.*

***(c)*** *Nuair is gá sceitsí, ba choir iad a dhéanamh go saorlámhach.*

***(d)*** *Scríobh do scrúduimhir ar do fhreagarleabhar agus ar gach bileog eile a úsáidtear.*

***(e)*** *Ní mór **Ceist 1** sa Roinn seo a fhreagairt ar pháipéar líníochta. Ba chóir gach freagra scríofa eile a thabhairt ar an bhfreagarleabhar atá curtha ar fáil.*

**1.** Taispeánann an léaráid Slachtán Deisce a bhfuil feidhm nuálach féilire ann.


(i) Tarraing **ingearchló tosaigh** den slachtán deisce ina lánmhéid sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

(ii) Teilg **taobhchló**.

***Nóta:*** *Breac isteach sonraí folaithe.*

(iii) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, mol modh oiriúnach chun an rannadóir láir **D** a nascadh le héadan an tslachtáin deisce.






*Ta gach ábhar 10mm ar tiús.*

**2.** (i) Is dhá chéim i ngnáthphróiseas dearaidh iad **Smaointe/Réitigh Dearaidh** agus **Measúnú**.

Mínigh an **DÁ** chéim seo.

(ii) Déantar coinnle agus taeshoilse in an-chuid foirmeacha agus ar dhathanna éagsúla mar a thaispeántar.

Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat chun do chuid smaointe a chur in iúl, déan aonad adhmaid **ballacrochta** a dhearadh chun **trí** choinneal nó thaesholas, ar a laghad, a chur ar taispeáint.

Ba chóir na coinnle nó na taeshoilse a bheith ar taispeáint ag airdí difriúla.




(iii) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a mholfá an t-aonad a fheistiú ar an mballa.


(iv) Luaigh riachtanas ar leith, seachas an t-aonad a bheith ballachrochta, nach mór a chur san áireamh i ndearadh an aonaid atá beartaithe agat.
Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, taispeáin conas a chuir tú an riachtanas seo san áireamh i do dhearadh.

**3.** (i) Ainmnigh na **CEITHRE** chlár mhonaraithe a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** agus **D** orthu thíos.


**A**



**B**



**C**



**D**




(ii) Tabhair breac-chuntas ar **CHEITHRE** bhuntáiste a bhaineann le cláir mhonaraithe a úsáid in ionad adhmad soladach.

(iii) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos mion ar mhonarú chlár **A** thuas.


(iv) Is gnách go mbíonn na modhanna chun cláir mhonaraithe a shiúntú difriúil leis na modhanna traidisiúnta a úsáidtear le hadhmad soladach a shiúntú.
Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan comparáid idir **DHÁ** mhodh dá leithéid chun an clár a bhfuil an lipéad **B** air thuas a shiúntú ar uillinn $90^{o}$, mar a thaispeántar ag an gcúinne 'X' sa léaráid.

**X**




**4.** (i) Luaigh an t-ainm ceart ar **gach ceann** de na uirlisí sainiúla a bhfuil na lipéid **A**, **B** agus **C** orthu thíos.


**A**



**B**




**C**



(ii) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a dhéanfaí an uirlis a bhfuil an lipéad **A** uirthi **a shocrú** agus **a úsáid**.

(iii) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a dhéanfaí an uirlis a bhfuil an lipéad **B** uirthi **a shocrú** agus **a úsáid**.

(iv) Taispeánann an léaráid **Déadalt Cúinne**.
Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas an fuíollábhar **a mharcáil amach**, agus **a bhaint** as an bpíosa **S**.



## 5. Freagair 5A *nó* 5B

**5A.** Taispeánann an léaráid cathaoir luasctha adhmaid.




(i) Tá an luascaire '**R**' lannaithe. Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos mion ar na céimeanna atá i gceist i ndéantús an luascaire seo.


(ii) Déantar an fhearsaid '**S**' ar dheil adhmaid. Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos mion ar na céimeanna atá i gceist i ndéantús na fearsaide seo as bloc cearnógach adhmaid.


(iii) Tá an fhearsaid ar an ngéag eile den chathaoir le bheith díreach mar an gcéanna le '**S**'.
Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh.

(iv) Déan cur síos go mion ar na céimeanna atá i gceist in **ullmhú** an adhmaid do bhailchríoch vearnaise **agus** conas an bhailchríoch **a chur** ar an gcathaoir.

**NÓ**

**5B.** Tá na cúig chlár ar dheis le gliúáil lena chéile chun bloc mór adhmaid a dhéanamh, atá le dealbhú chun an lacha a snoí mar a thaispeántar thíos.





(i) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos mion ar conas a dhéantar bloc mór as na cláir.

(ii) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos ar conas a dhéantar imlíne na lachan a aistriú ó bhileog pháipéir go bloc adhmaid.

(iii) Agus nótaí agus ***sceitsí néata saorláimhe*** á n-úsáid agat, déan cur síos mion ar conas an lacha a snoí as an mbloc adhmaid.

(iv) Déan cur síos mion ar na céimeanna atá i gceist in **ullmhú** an adhmaid do bhailchríoch agus conas an bhailchríoch **a chur** ar an lacha.